



RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/305 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha oibríochtúla, an oibleagáid ionadaíochais agus na ceanglais tuairiscithe a bhaineann leis an gceanglas maidir le cuntas gníomhach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ⁽¹⁾, agus go háirithe an cúigiú fomhír d'Airteagal 7a(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear le hAirteagal 7b de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go ndéanfaidh contrapháirtithe a bhfuil cuntas gníomhach de bhun Airteagal 7a den Rialachán sin acu an fhaisnéis is gá a thuairisciú dá n-údaráis inniúla gach 6 mhí chun a mheas cé acu a chomhlíonann na contrapháirtithe sin na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal 7a sin nó nach gcomhlíonann. Leagtar síos na hoibleagáidí sin, *inter alia*, in Airteagal 7a(3), pointí (a) go (d), den Rialachán sin. Is de chineál oibríochtúil na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7a(3), pointí (a), (b) agus (c), ach ceanglaítear leis an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 7a(3), pointe (d), go mbeidh trádálacha a imréitítear sa chuntas gníomhach ionadaíoch ar chonarthaí díorthach ráta úis arna n-ainmniú in euro nó i zloty na Polainne nó díorthaigh ráta úis ghearrthearmaigh arna n-ainmniú in euro agus a imréitítear ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi.
- (2) Chun a áirithiú go mbeidh contrapháirtithe a bhfuil níos mó trádálacha acu ina bpunanna faoi réir coinníollacha oibríochtúla agus ceanglais tuairiscithe níos déine ná contrapháirtithe a bhfuil níos lú trádálacha acu, foráiltear leis an Rialachán seo do láimhseáil dhifriúil idir contrapháirtithe maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7a(3), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Le pointí (a) agus (c) d'Airteagal 7a(3) den Rialachán sin, leagtar síos ceanglais a shonraítear a thuilleadh sa Rialachán seo. Mar gheall ar chineál uilíoch na gceanglas sin, áfach, ní bheadh sé iomchuí idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le méid phunanna na gcontrapháirtithe éagsúla. I gcás Airteagal 7a(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus i gcás na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 7b den Rialachán sin, leagtar síos leis an Rialachán seo íoschaighdeáin ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na contrapháirtithe uile. Bheadh sé díreireach láimhseáil níos déine a cheangal ar chontrapháirtithe a bhfuil níos mó trádálacha acu.
- (3) Ceanglaítear leis an oibleagáid oibríochtúil a leagtar síos in Airteagal 7a(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go mbeidh an cuntas gníomhach ag feidhmiú go buan. Chun na críche sin, ba cheart na socruithe dlíthiúla agus teicniúla is gá a bheith i bhfeidhm ag na contrapháirtithe lena mbaineann. Chun costais agus ualach nach bhfuil gá leo ar na contrapháirtithe sin a sheachaint, ba cheart dóibh an doiciméadacht lena gcruthaítear go gcomhlíonann siad na coinníollacha oibríochtúla a thuairisciú dá n-údaráis inniúla, go díreach nó go hindíreach trína gcomhaltaí imréitigh, arna measúnú i gcomhthéacs a seiceálacha díchill chuí agus a nósanna imeachta ionduchtaithe nuair atá cuntais imréitigh nua á n-oscailt acu.
- (4) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an chéad choinníoll oibríochtúil agus go mbeidh an cuntas gníomhach ag feidhmiú go buan, ba cheart a cheangal ar chontrapháirtithe a léiríú go bhfuil na socruithe dlíthiúla agus teicniúla acu lena dtacaítear le soláthar seirbhísí imréitigh sna conarthaí díorthach ábhartha le CPL de chuid an Aontais, go díreach nó trí chomhalta imréitigh. Ba cheart do na contrapháirtithe sin an doiciméadacht lena gcruthaítear go bhfuil na coinníollacha oibríochtúla á gcomhlíonadh acu a thuairisciú dá n-údaráis inniúla, go díreach nó go hindíreach trína gcomhaltaí imréitigh, mar chuid dá ngnáthsheiceálacha díchill chuí agus mar chuid dá nósanna imeachta ionduchtaithe nuair atá cuntais imréitigh nua á n-oscailt acu, ionas nach gcruthófar costais nach bhfuil gá leo agus ualach nach bhfuil gá leis ar na contrapháirtithe.

⁽¹⁾ IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj>.

- (5) Ceanglaítear le hAirteagal 7a(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go mbeidh córais agus acmhainní ar fáil do chontrapháirtithe chun bheith in ann, go hoibríochtúil, an cuntas gníomhach a úsáid, fiú ar gearrfhógra, le haghaidh méideanna móra de na conarthaí díorthach. Ceanglaítear le hAirteagal 7a(3), pointe (c), den Rialachán sin gur féidir gach trádáil nua sna conarthaí díorthach a imreiteach sa chuntas gníomhach i gcónaí. Dá bhrí sin, ba cheart na córais inmheánacha agus na hacmhainní tiomnaithe is gá a bheith ag contrapháirtithe chun faireachán a dhéanamh ar a neamhchosaintí, agus ba cheart na socruithe inmheánacha a bheith acu chun an cuntas a úsáid nuair a thagann méadú ar na méideanna imreitigh, lena n-áirítear an fhéidearthacht measúnú a dhéanamh ar aon bhacainn dhlíthiúil nó oibríochtúil a d'fhéadfadh cosc a chur orthu nó bac a chur ar a gcumas méid mór idirbheart breise a ionduchtú.
- (6) Ceanglaítear le hAirteagal 7a(4), an ceathrú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 go ndéanfar tástáil struis ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 7a(3), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán sin uair sa bhliain ar a laghad. Chun na críche sin, ba cheart do chontrapháirtithe tástálacha teicniúla agus feidhmiúla a dhéanamh ar a nascacht TF leis an CPL údaraithe, nó lena gcomhaltai imreitigh agus lena gcliaint a sholáthraíonn seirbhísí imreitigh cliaint. Chun acmhainn oibríochtúil a gcuntais ghníomhaigh a dheimhniú agus cumas an chuntais méaduithe móra ar mhéideanna a sheasamh ar gearrfhógra a dheimhniú, ba cheart do chontrapháirtithe a léiriú dá n-údarás náisiúnta inniúil go ndearna siad na tástálacha teicniúla agus feidhmiúla sin.
- (7) Ceanglaítear le hAirteagal 7a(3), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar chontrapháirtithe a áirithiú go mbeidh trádálacha a imreítear sa chuntas gníomhach ionadaíoch ar chonarthaí díorthach ráta úis arna n-ainmniú in euro nó i zloty na Polainne nó díorthaigh ráta úis ghearrthearmaigh arna n-ainmniú in euro agus arna n-imreiteach ag seirbhís imreitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi. De réir Airteagal 7a(8), an dara fómhír, tá ESMA le hionadaíochas den sórt sin a áirithiú trí thrí aicme éagsúla conarthaí díorthach ar a mhéad a roghnú, faoi réir teorainn ceithre raon aibíochta, agus trí na raonta éagsúla méide trádála a shonrú, faoi réir teorainn trí raon méide trádála. Le roghnú na n-aicmí conarthaí díorthach, ba cheart a áirithiú go ngabhfadh na cuntais ghníomhacha lena mbaineann uasmhéid aicmí díorthach ráta úis atá faoi réir na hoibleagáide imreitigh cheana féin. Ina theannta sin, ba cheart a sheachaint leis go ndéanfaí díorthaigh a chomhiomlánú ina gcatagóirí nach mbeadh sainréithe coiteanna agus bunriachtanacha i gceist leo, agus an tráth céanna ba cheart ionadaíochas gaolmhar na n-idirbheart a imreítear sna cuntais ghníomhacha a chur in oiriúint níos fearr do gach margadh sonrach leis, agus a méid, a leachtacht, a bhfás agus leibhéal gníomhaíochta gach seirbhíse imreitigh a meastar tábhacht shubstaintiúil shistéamach a bheith leo á gcur san áireamh i gcomparáid le gníomhaíocht CPLanna an Aontais. Ar deireadh, ba cheart an mhodheolaíocht chun aicmí conarthaí díorthach a roghnú a bheith solúbtha agus slán i bhfad na haimsire, ba cheart í a bheith ag freastal ar fhorbairtí sa mhargadh agus ba cheart í a bheith in oiriúint d'éabhlóid leibhéal na tábhachta sistéamaí a bhaineann le CPLanna tríú tír agus ba cheart na rioscaí cobhsaíochta airgeadais gaolmhara don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a mhaolú go leordhóthanach léi. Ar an gcúis sin, tar éis breithniú a dhéanamh ar na haicmí díorthach atá faoi réir na hoibleagáide imreitigh cheana féin, ar a leachtacht faoi seach agus a dtábhacht choibhneasta, ba cheart trí aicme a shainiú le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro, dhá aicme a shainiú le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú i zloty na Polainne agus dhá aicme a shainiú le haghaidh díorthaigh ráta úis ghearrthearmaigh arna n-ainmniú in euro.
- (8) Chun dáileadh cothrom trádálacha a áirithiú, ba cheart raonta aibíochta agus raonta méide trádála na bhfochatagóirí is ábhartha de réir aicmí díorthach, an líon fochatagóirí is ábhartha, agus fad na tréimhse tagartha in aghaidh na seirbhíse imreitigh a mheastar tábhacht shubstaintiúil shistéamach a bheith leo a bheith bunaithe ar an leachtacht faoi seach agus ar an ngnáthdháileadh ar fud na rannpháirtithe sa mhargadh. Ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór sa raon leathan gnáth-thrádálacha ar fud na n-aicmí díorthach a bhreithnítear, is iomchuí sainordú a thabhairt do chontrapháirtithe na cúig fhochatagóirí is ábhartha a roghnú le haghaidh gach ceann de na trí aicme díorthach ráta úis roghnaithe arna n-ainmniú in euro, an t-aon fhochatagóir amháin is ábhartha le haghaidh gach ceann den dá aicme díorthach ráta úis roghnaithe arna n-ainmniú i zloty na Polainne agus na ceithre fhochatagóirí is ábhartha le haghaidh gach ceann den dá aicme díorthach ráta úis ghearrthearmaigh roghnaithe arna n-ainmniú in euro.
- (9) Ionas nach gcuirfí iallach ar chontrapháirtithe táirgí díorthach áirithe a imreiteach san Aontas nach n-imreítíonn siad ag seirbhís imreitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi, ba cheart do na contrapháirtithe na fochatagóirí is ábhartha in aghaidh na haicme conarthaí díorthach a chinneadh ag brath ar a ngníomhaíocht imreitigh i ngach aicme díorthach atá faoi réir an chuntais ghníomhaigh.

- (10) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá ag na húdaráis inniúla chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais maidir le cuntas gníomhach a leagtar síos in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart do contrapháirtithe a ngníomhaíochtaí agus a neamhchosaintí ar riosca sna catagóirí díorthach lena mbaineann a ríomh agus sonraí comhiomlána maidir leis na catagóirí sin a sholáthar dá n-údarás inniúil, lena n-áirítear miondealú de réir CPL. Ba cheart faisnéis a bheith sa tuarascáil sin freisin lena gcuirtear ar a chumas don údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann na contrapháirtithe coinníollacha oibríochtúla agus oibleagáid ionadaíochais an cheanglais maidir le cuntas gníomhach, lena n-áirítear an líon idirbheart a imréitítear i gcuntais ghníomhacha na gcontrapháirtithe agus na fochatagóirí arna roghnú.
- (11) Faoi Airteagal 7b de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tuairisceoidh contrapháirtithe dá n-údarás inniúil an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide sin agus déanfaidh siad amhlaidh gach 6 mhí. Mar sin féin, chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla a mheas cé acu a chomhlíonann na contrapháirtithe lena mbaineann an ceanglas maidir le cuntas gníomhach ó thús a n-oibríochtaí nó nach gcomhlíonann, ba cheart a chumhdach leis an gcéad tuarascáil an tréimhse óna dtiocfaidh na contrapháirtithe faoi réir na gceanglas tuairiscithe maidir leis an gcuntas gníomhach suas go dtí an chéad dáta tuairiscithe eile.
- (12) Chun tuairisciú éifeachtach a áirithiú, is gá teimpléid a leagan síos le haghaidh na dtuarascálacha sin.
- (13) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (14) Sular chuir ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe isteach, chuaigh sé i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, chuir sé clár oibre uileghabhálach an Choimisiúin maidir le simpliú san áireamh, go háirithe maidir le ceanglais tuairiscithe, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margáí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

COINNÍOLLACHA OIBRÍOCHTÚLA

Airteagal 1

Na ceanglais maidir leis na socrúithe conarthacha, na beartais agus na nósanna imeachta agus an nascacht TF

Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 7a(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, léireoidh siad dá n-údarás inniúla go bhfuil an méid seo a leanas i bhfeidhm acu:

- (a) socrú conarthach, ina sonraítear an chaoi ar féidir rochtain a fháil ar chuntas gníomhach ag a bhfuil CPL údaraithe agus an chaoi ar féidir é a úsáid, lena n-áirítear i ndáil le hairgead tirim agus cuntais chomhthaobhachta, go díreach trí chomhalta imréitigh nó trí chliant a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh cliant i gcatagóirí na gconarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj>).

- (b) beartais agus nósanna imeachta inmheánacha a bhaineann leis na socruithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (a);
- (c) timpeallacht TF atá leordhóthanach chun nascadh leis an gcuntas gníomhach, go díreach trí bhíthin CPL údaraithe, nó trí chomhalta imréitigh nó cliant a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh cliant agus a sheasfadh na méideanna a shainordaítear leis an Rialachán sin.

Airteagal 2

Na ceanglais maidir le hacmhainn oibríochtúil an chontrapháirtí chun tacú le méadú mór ar ghníomhaíocht imréitigh agus le sreabhadh mór idirbheart laistigh de thréimhse ghearr ama

1. Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 7a(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, léireoidh siad dá n-údaráis inniúla go bhfuil an méid seo a leanas acu:

- (a) córais inmheánacha trína ndéantar faireachán ar neamhchosaintí an chontrapháirtí;
- (b) socruithe inmheánacha chun tacú le sreabhadh mór idirbheart ó shuíomhanna arna sealbhú i seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 faoi chásanna éagsúla ina ndéantar measúnú ar aon bhacainn dhlíthiúil nó oibríochtúil a d'fhéadfadh cosc a chur ar aistriú na suíomhanna sin;
- (c) na hacmhainní daonna is gá chun tacú le feidhmiú cuí na socruithe imréitigh i gcónaí, lena n-áirítear i gcás ina gcaithfidh an cuntas tacú leis an méid seo a leanas:
 - (i) athrú mór ar shuíomhanna ó sheirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
 - (ii) insreabhadh mór trádálacha nua sna conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- (d) ráiteas i scríbhinn ón CPL, ón gcomhalta imréitigh nó ó sholáthraí seirbhísí imréitigh cliant, lena ndeimhnítear go bhfuil an acmhainn oibríochtúil ag an CPL ceachtar díobh seo a leanas a imréiteach:
 - (i) trí oiread an oll-luacha bharúlaigh arna imréiteach ag an CPL ar fud na gcomhaltaí imréitigh uile don 12 mhí roimhe sin sna conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
 - (ii) suim an oll-luacha bharúlaigh iomlán arna imréiteach ag an CPL agus ag CPLanna ag a bhfuil seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi arna sainaithint de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar fud na gcomhaltaí imréitigh uile don 12 mhí roimhe sin, sna conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) den Rialachán sin;
- (e) ráiteas i scríbhinn ón gcontrapháirtí lena ndeimhnítear go bhfuil an acmhainn oibríochtúil ag an gcontrapháirtí féin nó ag a sholáthraí seirbhísí imréitigh ceachtar díobh seo a leanas a imréiteach:
 - (i) trí oiread an oll-luacha bharúlaigh a d'imréitigh an contrapháirtí sa chuntas don 12 mhí roimhe sin sna conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
 - (ii) an t-oll-luach barúlach iomlán a d'imréitigh an contrapháirtí don 12 mhí roimhe sin sna conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

2. Deimhneofar leis na ráitis i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1, pointí (d) agus (e), gur féidir an méadú ar ghníomhaíocht imréitigh a dhéanamh laistigh de 1 mhí amháin.

3. Féadfar an ceanglas maidir le foirm scríofa a leagtar síos i mír 1, pointí (d) agus (e), a chomhlíonadh le doiciméad leictreonach iomchuí lena ngabhann ríomhshíniú cáilithe.

*Airteagal 3***Tástáil struis ar choinníollacha oibríochtúla an chuntais ghníomhaigh**

Is éard a bheidh sa tástáil struis dá dtagraítear in Airteagal 7a(4), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 tástálacha teicniúla agus feidhmiúla lena bhfíorófar acmhainn oibríochtúil agus feidhmiú na nascachta TF leis an CPL, go díreach nó go hindíreach, leis an gcomhalta imreítigh nó leis an gcliant a sholáthraíonn seirbhísí imreítigh cliant i gcomhréir le hAirteagal 1.

Léireofar leis na tástálacha teicniúla agus feidhmiúla sin don údarás inniúil gur féidir le cuntas an chontrapháirtí méadú substaintiúil ar ghníomhaíocht imreítigh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (d) agus (e), a sheasamh.

Déanfar na tástálacha gach bliain.

CAIBIDIL II

AN OIBLEAGÁID IONADAÍOCHAIS*Airteagal 4***An oibleagáid ionadaíochais le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro**

1. Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 7a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus a imreítíonn díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro, imreíteoidh siad ar a laghad an líon íosta trádálacha is gá mar a leagtar amach sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7a(4) i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ngach ceann de na cúig fhochatagóir is ábhartha ag CPL údaraithe le haghaidh gach aicme díorthach arna n-ainmniú in euro a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

2. Maidir le gach aicme díorthach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, sainaithneoidh contrapháirtithe dá dtagraítear sa mhír sin na cúig fhochatagóir is ábhartha ina n-imreítíonn siad an méid trádálacha is mó ag seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Roghnófar na cúig fhochatagóir is ábhartha, le haghaidh gach aicme díorthach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i measc na bhfochatagóirí a leagtar amach i dTábla 1, Tábla 2 agus Tábla 3 faoi seach d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i mír 3.

3. Maidir le díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú in euro, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 7a(4), an cúigiú fomhír, an chéad abairt, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012:

- (a) 1 mhí amháin i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imreítigh gan íoc atá níos mó ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach;
- (b) 6 mhí i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imreítigh gan íoc atá níos lú ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach.

4. Chun críocha mhíreanna 1 go 3, beidh contrapháirtithe in ann a léiriú don údarás inniúil lena mbaineann nach bhfuil aon difríocht chórasach ná ábhartha sna meánmhéideanna trádála agus sna meánaibíochtaí trádála idir na díorthaigh arna n-imreíteach ag CPL údaraithe agus na díorthaigh arna n-imreíteach ag seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi.

⁽³⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán teicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imreítigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2205/oj).

*Airteagal 5***Oibleagáid ionadaíochais le haghaidh díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú i zloty na Polainne**

1. Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 7a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus a imréitíonn díorthaigh ráta úis thar an gcuntar arna n-ainmniú i zloty na Polainne, imréiteoidh siad ar a laghad an líon íosta trádálacha is gá mar a leagtar amach sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7a(4) i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 san fhochatagóir is ábhartha ag CPL údaraithe le haghaidh gach aicme díorthach arna n-ainmniú i zloty na Polainne a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún (*).
2. Maidir le gach aicme díorthach dá dtagraítear i mír 1, sainaithneoidh contrapháirtithe dá dtagraítear sa mhír sin an fhochatagóir is ábhartha ina n-imréitíonn siad an méid trádálacha is mó ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Roghnófar an fhochatagóir is ábhartha le haghaidh gach aicme díorthach dá dtagraítear i mír 1 i measc na bhfochatagóirí a leagtar amach i dTábla 4 agus i dTábla 5 faoi seach d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i mír 3.
3. Maidir le díorthaigh ráta úis arna n-ainmniú i zloty na Polainne, 12 mhí a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 7a(4), an cúigiú fomhír, an chéad abairt, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
4. Chun críocha mhíreanna 1 go 3, beidh contrapháirtithe in ann a léiriú don údarás inniúil lena mbaineann nach bhfuil aon difríocht chórasach ná ábhartha sna meánmhéideanna trádála agus sna meánaibíochtaí trádála idir na díorthaigh arna n-imréiteach ag CPL údaraithe agus na díorthaigh arna n-imréiteach ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi.

*Airteagal 6***Oibleagáid ionadaíochais le haghaidh díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh arna n-ainmniú in euro**

1. Contrapháirtithe atá faoi réir na hoibleagáide a leagtar amach in Airteagal 7a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus a imréitíonn díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh arna n-ainmniú in euro, imréiteoidh siad ar a laghad an líon íosta trádálacha is gá mar a leagtar amach sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7a(4) i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i ngach ceann de na ceithre fhochatagóir is ábhartha ag CPL údaraithe le haghaidh gach aicme díorthach i dTábla 6 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Maidir le gach aicme díorthach a leagtar amach i dTábla 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, sainaithneoidh contrapháirtithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na ceithre fhochatagóir is ábhartha ina n-imréitíonn siad an méid trádálacha is mó ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Roghnófar na ceithre fhochatagóir is ábhartha, le haghaidh gach aicme díorthach a leagtar amach i dTábla 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, i measc na bhfochatagóirí a leagtar amach i dTábla 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le díorthaigh lena dtagraítear do Euribor le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i mír 3 agus i measc na bhfochatagóirí a leagtar amach i dTábla 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh díorthaigh lena dtagraítear do ráta gearrthéarmach an Euro le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i mír 4.
3. Maidir le díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh lena dtagraítear do Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor), is é seo a leanas a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear in Airteagal 7a(4), an cúigiú fomhír, an chéad abairt, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012:
 - (a) 1 mhí amháin i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos mó ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach;
 - (b) 6 mhí i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos lú ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1178 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 195, 20.7.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1178/oj).

4. Maidir le díorthaigh ráta úis ghearrthearmaigh lena dtagraítear do ráta gearrthearmach an Euro, is é seo a leanas a bheidh sa tréimhse tagartha:

- (a) 6 mhí i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos mó ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach;
- (b) 12 mhí i gcás contrapháirtithe ag a bhfuil méid barúlach imréitigh gan íoc atá níos lú ná EUR 100 billiún i gconarthaí díorthach.

5. Chun críocha mhíreanna 1 go 4, beidh contrapháirtithe in ann a léiriú don údarás inniúil lena mbaineann nach bhfuil aon difríocht chórasach ná ábhartha i meánmhéideanna trádála na dtáirgí arna n-imréiteach ag CPL údraithe agus na dtáirgí arna n-imréiteach ag seirbhís imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS TUAIRISCITHE

Airteagal 7

Tuairisciú ar thairseacha comhiomlána chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an chuntais ghníomhaigh

1. Gach 6 mhí, tuairisceoidh contrapháirtithe dá n-údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i dTábla 1 agus i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo ar leibhéal an chontrapháirtí. Mar sin féin, i gcás ina mbaineann an contrapháirtí le grúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 7a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo ar leibhéal aon fhochuideachta freisin, laistigh agus lasmuigh den Aontas.

Airteagal 8

Tuairisciú ar choinníollacha oibríochtúla an chuntais ghníomhaigh

1. Gach 6 mhí, cuirfidh contrapháirtithe ráiteas i scríbhinn ar fáil dá n-údarás inniúil lena ndeimhneofar go gcomhlíonann siad Airteagail 1, 2 agus 3 den Rialachán seo.
2. Coimeádfaidh na contrapháirtithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil dá n-údarás inniúil an doiciméadacht is gá chun a chruthú go gcomhlíonann na contrapháirtithe Airteagal 1, 2 agus 3 den Rialachán seo.

Airteagal 9

Tuairisciú ar an oibleagáid ionadaíochais

1. Gach 6 mhí, tuairisceoidh contrapháirtithe an méid seo a leanas don údarás inniúil:
 - (a) na fochatagóirí is ábhartha, dá dtagraítear in Airteagail 4(2), 5(2) agus 6(2) den Rialachán seo;
 - (b) an líon trádálacha a imréitítear, i ngach ceann de na fochatagóirí is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(2), 5(2) agus 6(2), in aghaidh na haicme conarthaí díorthach agus in aghaidh na tréimhse tagartha ag seirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach leo mar a shonraítear de bhun 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
 - (c) an líon trádálacha arna n-imréiteach, bunaithe ar mheánlíon an 12 mhí roimhe sin, i ngach ceann de na fochatagóirí is ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 4(2), 5(2) agus 6(2), in aghaidh na haicme conarthaí díorthach agus in aghaidh na tréimhse tagartha ag CPL údraithe;
 - (d) fad na tréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 5(3) agus in Airteagal 6(3) agus (4).

2. Tuairisceoidh contrapháirtithe don údarás inniúil nuair a sháraíonn an líon trádálacha a imreítear i bhfochatagóir de na conarthaí díorthach dá dtagraítear in Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 leath de thrádálacha iomlána an chontrapháirtí sin sa 12 mhí roimhe sin.

3. Chun críocha mhír 1, úsáidfidh contrapháirtithe na Táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh gach aicme díorthach, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 10

Socruithe tuairiscithe ó chontrapháirtithe d'údaráis inniúla

1. Gan dochar d'údaráis inniúla a iarrann tuairisciú níos minice de bhun Airteagal 7b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirfidh contrapháirtithe tuarascálacha a chomhlíonann na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo faoi bhráid na n-údarás inniúil ar an lá deireanach de mhí Eanáir agus ar an lá deireanach de mhí Iúil gach bliain. Beidh an fhaisnéis a bhaineann leis an 12 mhí roimhe sin i ngach tuarascáil.

2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar sonraí a chomhlíonann na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil den chéad uair ar an gcéad dáta tuairiscithe tráth nach luaithe ná 6 mhí ón 26 Feabhra 2026. Beidh faisnéis sna sonraí a bhaineann leis an tréimhse iomlán a thosaíonn ón dáta sin go dtí an dáta tuairiscithe.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Aicmí díorthach agus fochatagóirí ábhartha le haghaidh na hoibleagáide ionadaíochais

Tábla 1

Fochatagóirí le haghaidh EUR Seasta-go-comhlúthach

	Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-25M]	(25M-50M]	(50M+]
[0-5B]			
(5B-10B]			
(10B-15B]			
(15B+]			

Tábla 2

Fochatagóirí le haghaidh EUR OIS

	Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-25M]	(25M-100M]	(100M+]
[0-1B]			
(1B-2B]			
(2B-5B]			
(5B+]			

Tábla 3

Fochatagóirí le haghaidh EUR FRA

	Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-75M]	(75M-200M]	(200M+]
[0-6M]			
(6M-12M]			
(12M-18M]			
(18M+]			

Tábla 4

Fochatagóirí le haghaidh PLN Seasta-go-comhlúthach

	Méid na trádála (i milliúin PLN)
Aibíocht	Aon mhéid trádála
Aon aibíocht	

Tábla 5

Fochatagóirí le haghaidh PLN FRA

	Méid na trádála (i milliúin PLN)
Aibíocht	Aon mhéid trádála
Aon aibíocht	

Tábla 6

Aicmí díorthach le haghaidh EUR STIR

Forghníomhú	Ráta úis foluiteach	Innéacs tagartha	Airgeadra socraíochta	Cineál airgeadra socraíochta	Roghnaíocht
Malartú AE nó tríú tír	Ráta úis 3 mhí	Euribor	EUR	Airgeadra aonair	Eisiata
Malartú AE nó tríú tír	Ráta úis 3 mhí	Ráta gearrthéarmach an Euro	EUR	Airgeadra aonair	Eisiata

Tábla 7

Fochatagóirí le haghaidh EUR STIR lena dtagraítear do Euribor

	Méid na trádála (i milliúin EUR)
Aibíocht	Aon mhéid trádála
[0-6M]	
(6M-12M]	
(12M-24M]	
(24M+]	

Tábla 8

Fochatagóirí le haghaidh EUR STIR lena dtagraítear do ráta gearrthéarmach an Euro

	Méid na trádála (i milliúin EUR)
Aibíocht	Aon mhéid trádála
[0-6M]	
(6M-12M]	
(12M-24M]	
(24M+]	

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 7

Tábla 1

Faisnéis faoin gcontrapháirtí

	Réimse	Mionsonraí atá le tuairisciú
1	Dáta tuairiscithe	An dáta a cuireadh an tuarscáil faoi bhráid an údaráis inniúil
2	Contrapháirtí atá faoi réir na tuarscála bliantúla ar ghníomhaíochtaí	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an chontrapháirtí in idirbheart díorthach a chomhlíonann a oibleagáid tuairiscithe tríd an tuarscáil lena mbaineann. I gcás idirbheart díorthach leithdháilte a fhorghníomhaíonn bainisteoir ciste thar ceann ciste, is é an ciste a thuairisceofar mar an contrapháirtí, seachas an bainisteoir ciste.
3	Nádúr an chontrapháirtí	Tabhair le fios an CPL, contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais é an contrapháirtí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (1), (8) agus (9), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nó an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe 5, den Rialachán sin é.
4	Eintitis laistigh den ghrúpa	Liosta d'Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) na n-eintiteas laistigh den ghrúpa.
5	Máthairchuideachta deiridh	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) Máthairchuideachta Deiridh an ghrúpa.
6	Comhalta imréitigh	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an chomhalta imréitigh.

Tábla 2

Gníomhaíochtaí agus neamhchosaintí ar riosca

	Réimse	Mionsonraí atá le tuairisciú	Iomlán		
1	Ollmhéid Barúlach gan íoc den mheánsuíomh cinn míosa comhiomlán le haghaidh an 12 mhí roimhe sin i gcatagóirí na gconarthaí díorthach a imréitítear faoi Airteagal 7a(6) de Rialachán (AE) Uimh.- 648/2012	Suim chomhiomlán mhéid barúlach chéim 1 agus, i gcás inarb infheidhme, mhéid barúlach chéim 2, le haghaidh na ndíorthach a thagann faoi raon feidhme an tuairiscithe seo, dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmlichte (AE)- 2022/1855 ón gCoimisiún ⁽¹⁾			
2	Gné 1 – Miondealú iomlán de réir catagóir díorthaigh		IRD Thar an gCuntar EUR	ORD Thar an gCuntar PLN	EUR STIR

	Réimse	Mionsonraí atá le tuairisciú	Iomlán								
3	Gné 2 – Miondealú de réir CPL (AE/Leibhéal 2/Leibhéal 1) (tuairisciú ar leibhéal LEI CPL)		CPL1	CPL2	...	CPL1	CPL2	...	CPL1	CPL2	...

(¹) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid (IO L 262, 7.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1855/oj).

IARSCRÍBHINN III

Tuairisciú le haghaidh na hoibleagáide ionadaíochais

[Le comhlánú leis an líon trádálacha in aghaidh na fochatagóire de réir aicme conarthaí díorthach agus in aghaidh na tréimhse tagartha is infheidhme.]

Tábla 1

Fochatagóirí le haghaidh EUR Seasta-go-comhlúthach

An tréimhse thagartha							
Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)				CPL údaraithe faoi Airteagal 14			
	Méid na trádála (i milliúin EUR)				Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-25M]	(25M-50M]	(50M+]	Aibíocht	[0-25M]	(25M-50M]	(50M+]
[0-5B]				[0-5B]			
(5B-10B]				(5B-10B]			
(10B-15B]				(10B-15B]			
(15B+]				(15B+]			

Tábla 2

Fochatagóirí le haghaidh EUR OIS

An tréimhse thagartha							
Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)				CPL údaraithe faoi Airteagal 14			
	Méid na trádála (i milliúin EUR)				Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-25M]	(25M-100M]	(100M+]	Aibíocht	[0-25M]	(25M-100M]	(100M+]
[0-1B]				[0-1B]			
(1B-2B]				(1B-2B]			
(2B-5B]				(2B-5B]			
(5B+]				(5B+]			

Tábla 3

Fochatagóirí le haghaidh EUR FRA

An tréimhse thagartha							
Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)				CPL údaraithe faoi Airteagal 14			
	Méid na trádála (i milliúin EUR)				Méid na trádála (i milliúin EUR)		
Aibíocht	[0-75M]	(75M-200M]	(200M+]	Aibíocht	[0-75M]	(75M-200M]	(200M+]
[0-6M]				[0-6M]			
(6M-12M]				(6M-12M]			
(12M-18M]				(12M-18M]			
(18M+]				(18M+]			

Tábla 4

Fochatagóirí le haghaidh PLN Seasta-go-comhlúthach

Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)		CPL údaraithe faoi Airteagal 14	
	Méid na trádála (i milliúin PLN)		Méid na trádála (i milliúin PLN)
Aibíocht	Aon mhéid trádála	Aibíocht	Aon mhéid trádála
Aon aibíocht		Aon aibíocht	

Tábla 5

Fochatagóirí le haghaidh PLN FRA

Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)		CPL údaraithe faoi Airteagal 14	
	Méid na trádála (i milliúin PLN)		Méid na trádála (i milliúin PLN)
Aibíocht	Aon mhéid trádála	Aibíocht	Aon mhéid trádála
Aon aibíocht		Aon aibíocht	

Tábla 6

Fochatagóirí le haghaidh EUR STIR lena dtagraítear do Euribor

An tréimhse thagartha			
Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)		CPL údaraithe faoi Airteagal 14	
	Méid na trádála (i milliúin EUR)		Méid na trádála (i milliúin EUR)
Aibíocht	Aon mhéid trádála	Aibíocht	Aon mhéid trádála
[0-6M]		[0-6M]	
(6M-12M]		(6M-12M]	
(12M-24M]		(12M-24M]	
(24M+]		(24M+]	

Tábla 7

Fochatagóirí le haghaidh EUR STIR lena dtagraítear do ráta gearrthéarmach an Euro

An tréimhse thagartha			
Seirbhís imreítigh a bhfuil tábhacht shubstaintiúil shistéamach léi faoi Airteagal 25(2c)		CPL údaraithe faoi Airteagal 14	
	Méid na trádála (i milliúin EUR)		Méid na trádála (i milliúin EUR)
Aibíocht	Aon mhéid trádála	Aibíocht	Aon mhéid trádála
[0-6M]		[0-6M]	
(6M-12M]		(6M-12M]	
(12M-24M]		(12M-24M]	
(24M+]		(24M+]	